2024/1421

13.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 345/2023

an 22 Nollaig 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1421]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2776 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis ábhartha eile ó mhuiriompar ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe 21aw (Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 R 2776**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2776 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 (IO L, 2023/2776, 14.12.2023).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2776 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 22 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 335/2023 ó Chomhchoiste LEE an 8 Nollaig 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L, 2023/2776, 14.12.2023
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2024/1420, 13.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1420/oj.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Nollaig 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER